









An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

Clár Oibre

2022



Ár bhFís:

Saolta agus fiontair
shláintiúla, shábháilte
agus tháirgiúla



An Clár Ábhar

01	An Brollach	4
02	Fís, Misean, Sainordú agus Luachanna	5
03	Tosaíochtaí Straitéiseacha	7
04	An Clár Oibre	8
05	Príomh-Ghníomhartha: Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde	11
06	Príomh-Ghníomhartha: Ceimiceáin	12
07	Príomh-Ghníomhartha: Faireachas Margaidh	13
08	Príomh-Ghníomhartha: An Comhlacht Náisiúnta Creidiúnaithe	14
09	Príomh-Ghníomhartha: Éifeachtacht Oibríochta	15
10	Feidhmíocht a Thomhas	16



Arna fhoilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

© Gach ceart ar cosaint.

01

An Brollach

Is é seo an chéad bhliain de chur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise an Údaráis le haghaidh 2022–2024. Cuirfear an straitéis seo i bhfeidhm in Éirinn atá ag teacht chuici féin ó phaindéim COVID-19 agus an tionchar gan choinne a bhí aici ar an tsochaí, ar ionaid oibre agus ar chúrsaí fostaíochta. Beidh athruithe ar chleachtais oibre, teicneolaíocht agus nuálaíocht sna blianta beaga amach romhainn agus níos fadtéarmaí freisin, anuas ar an éiginnteacht leanúnach a eascraíonn as imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Nascann an cháipéis fhoilsithe seo cuid dár bpríomhghníomhaíochtaí cláir chun tacú leis na spricanna a leagtar amach inár straitéis agus dul chun cinn a dhéanamh orthu.

Is é seo an chéad bhliain freisin de chur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe an Rialtais. Tá creidiúnú riachtanach don ghnó agus chun go mbeadh fáil ag táirgí agus seirbhísí na hÉireann ar mhargaí. Mar chuid den Chlár Oibre seo, leanfaimid orainn ag cur tairbhí an chreidiúnaithe chun cinn, agus ag déanamh dul chun cinn ar an gcreidiúnú, le cuideachtaí, fontair agus rialálaithe chun iomaíochas agus táirgiúlacht gheilleagar na hÉireann a fheabhsú.

Cuirfear an clár oibre seo i bhfeidhm in Éirinn atá ag teacht chuici féin ó phaindéim COVID-19

Mar chuid dár gcur chuige bunaithe ar riosca i leith díriú ar earnálacha, guaiseacha agus rioscaí, tabharfaimid faoi chlár cuimsitheach de chigireachtaí réamhghníomhacha agus frithghníomhacha ar fud ár sainorduithe sábháilteachta agus sláinte ceirde, agus ceimiceán. Mar fhreagairt d'imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, faoin gclár oibre seo feabhsóimid ár ngníomhaíochtaí i bhfaireachas margaidh na dtáirgí a thagann isteach go hÉirinn chun a chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na rialacháin ar fad ón Aontas Eorpach a thagann faoinár sainordú. Beimid rannpháirteach go gníomhach freisin i gcinnteoireacht an Aontais Eorpaigh chun a chinntiú go bhfreastalaítear fós ar Éirinn agus ar leasanna na hÉireann.

I ndiaidh atheagrú ollmhór, leanfaimid orainn ag tógáil ár n-eagraíochta ar bhealach a chuireann ar ár gcumas gach réimse dár sainordú leathan agus ilghnéitheach a chomhlíonadh go héifeachtach. Áireofar tuilleadh earcaíochta i gcaitheamh na bliana leis sin, agus tuilleadh feabhsúcháin ar ár mbealaí oibre inmheánacha féin. Mar aitheantas dár sprioc uileghabhálach go mbeimis inár n-eagraíocht a bhíonn bunaithe ar fhianaise agus a spreagtar ag sonraí, feicfear dul chun cinn mór i mbliana ar fhorbairt croí-ardán TFC chun tacú lenár sainorduithe sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh a chomhlíonadh agus an leas is fearr is féidir a bhaint as ár gcroíphróisis ghnó, agus chun fáil amach anseo ar shonraí iomlána cruinne agus léargais níos fearr a chumasú.



An Dr. Sharon McGuinness

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

02

Fís, Misean, Sainordú agus Luachanna

Fís

Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla.

Misean

Rialálaimid agus cuirimid chun cinn sábháilteacht, sláinte agus leas a bhaineann leis an obair agus úsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí. Soláthraímid an tseirbhís náisiúnta creidiúnaithe.

Sainordú

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu a rialáil.
- Feabhsúchán a chur chun cinn i sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu.
- Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- Feidhmiú mar údarás faireachais maidir le reachtaíocht ábhartha an mhargaidh Eorpaigh aonair.
- Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe le haghaidh na hÉireann.



Go fadtéarmach, teastaíonn uainn saol oibre sábháilte agus sláintiúil a bhaint amach do mhuintir na hÉireann agus timpeallacht a chothú ina mbíonn gnóthaí in ann fás agus forbairt

Luachanna

Ár gCroí-Luachanna:

- **Comhoibriú**

Éistimid, téimid i gcomhairle agus comhoibrímid le fostaithe, fostóirí, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe.

- **Oscailteacht**

Fáiltímid roimh dhearcthaí éagsúla agus muid ag déanamh ár ndícheall a bheith ionchuimsitheach i ngach a ndéanaimid. Spreagaimid cumarsáid oscailte agus ionraic.

- **Freagrúlacht**


Téimid in oiriúint do chúinsí a bhíonn ag athrú agus spreagaimid feabhsúchán leanúnach trí nuálaíocht. Bainimid úsáid as sonraí le heolas a dhéanamh don mhéid a dhéanaimid, agus déanaimid an méid a fhoghlaimímid a mheasúnú agus a roinnt.

- **Eitic**

Seasaimid leis na caighdeáin ghairmiúla, rialachais agus eitice is airde. Gnóthóimid iontaoibh trí bheith cuntasach agus ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach cóir, neamhspleách agus trédhearcach.

03

Tosaíochtaí Straitéiseacha



I gcás ár gclár bhliantúil le haghaidh 2022, díreofar ár n-iarrachtaí ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus sainorduithe mar seo a leanas:

Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde

Tabharfaimid aghaidh ar riachtanais chosaint na n-oibríthe atá ag athrú mar gheall ar chineálacha nua oibre agus paindéim COVID-19 agus leanfaimid orainn ag tabhairt aghaidh freisin ar na rioscaí traidisiúnta sábháilteachta agus sláinte ceirde a bhaineann le timpistí agus nochtadh d'oibreáin agus táirgí guaiseacha san ionad oibre. Inár ngníomhaíochtaí cur chun cinn agus cigireachta, díreoidimid ar na guaiseacha agus rioscaí sláinte sonracha a bhaineann le ceisteanna síceasóisialta agus eirgeanamaíochta, oibreáin bhitholaíochta agus oibreáin cheimiceacha, lena n-áirítear ceimiceáin a ghintear ó phróiseas (m.sh. deannach silice). Cuirfimid chun cinn luachanna srianta noхта ceirde nua ón Aontas Eorpach laistigh de na hearnálacha ábhartha lena mbaineann siad. Cuirfimid comhairle leighis ceirde ar fáil agus cinnteoidimid go bhfuil ár dtreoir cothrom le dáta. Comhordófar an obair sin trí rannóg sláinte ceirde nua an Údaráis.

Cuirfimid i bhfeidhm cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta agus an Phlean Gníomhaíochta um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta. Leanfaimid orainn i mbun rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta ar an gclár oibre leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Garda Síochána agus príomhpháirtithe leasmhara eile maidir le tosaíochtaí sábháilteachta ar bhóithre a bhaineann leis an obair mar a phléitear sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021–2030. Áireofar sa chur chuige sin le páirtithe leasmhara éagsúla gníomhaíochtaí faoi gach tosaíocht straitéiseach dár gcuid faoin Rialáil, Cur Chun Cinn agus Tionchar.

Foilseoidimid athbhreithniú cuimsitheach ar staitisticí gortuithe, tinneas agus básuithe in ionaid oibre na hÉireann. Cuirfimid chun cinn agus spreagfaimid cleachtóirí leighis le húsáid a bhaint as córas tuairiscithe THOR le haghaidh tinnis cheirde agus a rannpháirtíocht ann.

Ceimiceáin

Trínár rannpháirtíocht ghníomhach i gcoistí agus meithleacha an Choimisiúin Eorpaigh agus na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), tacóimid leis an Aire agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun beartas agus reachtaíocht a fhorbairt, le béim faoi leith ar athbhreithniú agus nuashonrú na Rialachán REACH agus CLP ón Aontas Eorpach atá ina thosaíocht ag an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht nua ón Aontas Eorpach (Chemicals Strategy for Sustainability – Towards a Toxic-Free Environment) agus Geilleagar Ciorclach atá lánfheidhmiúil.

Trínár mballraíocht ar Choistí Eolaíochta ECHA tacóimid le tuairimí eolaíochta a fhorbairt maidir le Substaintí nua a bhFuil Imní An-mhór ag Baint Leo (SVHCanna), dréachtmholtáí le haghaidh an liosta údaraithe (Iarscríbhinn XIV), iarratais ar údaruithe, tograí srianta nua agus dréachtmholtáí faoi mheastóireachtaí ar shainchomhaid agus substaintí. Leanfaimid orainn ag comhoibriú le ECHA, an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit i mbainistíocht agus úsáid ceimiceán i dtáirgí tomhaltóra agus beimid rannpháirteach i dtograí forfheidhmithe ceimiceán de chuid an Aontais Eorpaigh in 2022.

Faireachas Margaidh agus Imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach

Leanfaimid orainn ag tacú le gnóthaí a iompórtáilann táirgí ón mBreatain Mhór, agus ag cur comhairle orthu, agus iad ag obair chun ceanglais rialála agus caighdeáin táirgí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i ndiaidh don Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil. Tabharfaimid treoir agus comhairle freisin do ghnóthaí chun a chinntiú go dtuigeann siad na ceanglais a bhaineann le táirgí sábháilte a dhíol ar mhargadh na hÉireann. Méadóimid feacht freisin i measc tomhaltóirí agus oibríthe chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil táirgí ceimiceacha agus tionsclaíochta sábháilte lena n-úsáid sula gceannaítear iad.

Creidiúnú

Beidh 2022 ar an gcéad bhliain a gcuirfear an Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe nua i bhfeidhm, agus déanfaidh INAB gníomhartha Bhliain 1 a chur i bhfeidhm agus i gcrích. Anuas air sin, leanfaidh INAB ag díriú ar chreidiúnuithe nua a bhronnadh agus ar mhonatóireacht chomhréireacht na gcreidiúnuithe atá i gclár INAB cheana féin. Forbrófar réimsí nua creidiúnaithe de réir mar is gá freisin. Leanfaidh INAB ag tabhairt tacaíocht agus sainchomhairle do chliaint, an tionscal agus an Rialtas maidir le measúnú comhréireachta agus creidiúnú, lena n-áirítear tionchar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Déanfar ionadaíocht ar INAB ag príomhchoistí Eorpacha agus idirnáisiúnta le haghaidh ceisteanna teicniúla agus cur i bhfeidhm an chreidiúnaithe, agus á stiúradh nuair is féidir. Leanfaimid orainn ag comhlíonadh gach freagrachta reachtaí mar Údarás Monatóireachta ar an Dea-Chleachtas Saotharlainne (GLP).

Feidhmeanna an Údaráis Náisiúnta Inniúil agus Ainmnithe

Comhlíonfaimid feidhmeanna Údaráis Inniúil an Údaráis i raon réimsí lena n-áirítear innealra, ardaitheoirí, trealamh cosanta pearsanta, Treoracha an Aontais Eorpaigh a phléann atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (ATEX), an Treoir maidir le Brú-threalamh (PED), an Treoir maidir le Fearais Gháis (GAD), Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR), Brú-threalamh iniompartha (TPED), ceimiceáin (REACH, COMAH, CLP, Glantaigh, Onnmhairiú/Allmhairiú, Faireachas Margaidh, Substaintí Contúirteacha) trí rannpháirtíocht le húdaráis inniúla eile agus soláthar comhairle teicniúla, faofa agus cigireachtaí. Tuairisceoidimid do Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le rialaithe Onnmhairithe agus Allmhairithe agus maidir le sárúithe agus pionóis in 2021 ó sheiceálacha ar cheanglais Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR).

Chomh maith lenár gcigireacht ar ionaid oibre, méadóimid chomh feiceálach agus a bhíonn ár dtacaíocht agus comhairle d'fhostóirí agus oibrithe

Cigireachtaí/Imscrúduithe

Cuirfimid i gcrích clár idirghabhálacha réamhghníomhacha agus frithghníomhacha sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán, agus faireachais margaidh i raon earnálacha, go háirithe na guaiseacha agus na rioscaí sna hearnálacha foirgníochta, talmhaíochta, iompair agus stórála, ceimiceán, cúraim sláinte agus shóisialta. Anuas ar dhíriú ar ghuaiseacha agus rioscaí sábháilteachta agus sláinte leo siúd ag a bhfuil dualgais, pléimid freisin leis an Ionadaí Sábháilteachta. Tarraingeoidimid aird ar an ngá atá le hIonadaithe Sábháilteachta a cheapadh chun a chinntiú go dtuigeann fostóirí agus fostaithe an ceanglas reachtúil atá mar bhonn faoin ról tábhachtach sin. Tabharfaimid tús áite do ghníomhaíocht imscrúdaithe chun iad siúd ag a bhfuil dualgais agus a nochtann a bhfostaithe agus daoine eile do leibhéal shuntasacha riosca de réir mar a sháraíonn siad an dlí a thabhairt chun cuntais.

Fostóirí, Oibrithe agus Fiontair

Chomh maith lenár gcigireacht ar ionaid oibre, méadóimid chomh feiceálach agus a bhíonn ár dtacaíocht agus comhairle d'fhostóirí agus dá n-oibrithe, oibrithe a bheidh acu sa todhchaí ina measc, agus cuirfimid chun cinn úsáid na tacaíochta agus na comhairle sin, trínár Lárionad Teagmhála, Deasc Chabhrach Ceimiceán, athbhreithnithe agus nuashonruithe ar ár suíomh gréasáin, foilseacháin, ríomhuirlisí agus cláir oideachais (farmsafely.com, hslearning.ie, BeSMART.ie, Work PositiveCI, agus Choose Safety). Trí sholáthar na tacaíochta agus na n-uirlisí sin, cuirfimid san áireamh riachtanais shonracha a bhíonn ag earnálacha áirithe agus Fiontair Bheaga agus Meánmhéide chun a chinntiú go dtuigeann siad a n-oibleagáidí dlíthiúla chun oibrithe agus ionaid oibre a choinneáil sláintiúil agus sábháilte. Leanfaimid orainn ag cur acmhainní oideachais ar fáil don chóras oideachais foirmiúil le haghaidh oibrithe óga agus oibrithe a bheidh ann sa todhchaí.

Tabharfaimid aghaidh ar riachtanais áirithe Ionadaithe Sábháilteachta, oibrithe leochaileacha agus oibrithe imirceacha trína chinntiú go gcuirtear treoir, comhairle agus tacaíocht ar fáil dóibh siúd agus dá gcomhlachtaí ionadaíochta ar bhealaí soiléire atá éasca le teacht orthu.

Oibríthe agus Obair sa Toghchán

Leanfaimid orainn ag tacú agus ag cur le cur i bhfeidhm straitéis cianoibre an Rialtais agus na reachtaíochta lena mbaineann, agus cinnteoidimid go gcothaítear ceanglais sábháilteachta agus sláinte ceirde de réir mar a athraíonn saol na hoibre. Coinneoidimid treoir agus comhairle faoi shocrúithe cianoibríthe, oibríthe sholúbtha agus oibríthe ón mbaile cothrom le dáta.

Ionchur le Beartas an Aontais Eorpaigh

Leanfaimid orainn ag cinntiú go mbaineann an tÚdarás an leas is éifeachtaí as a acmhainní chun cur le coistí agus meithleacha an Aontais Eorpaigh agus iad ag forbairt beartas agus reachtaíocht nua maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, ceimiceán, faireachas margaidh agus creidiúnú. Leanfaimid orainn ag lorg deiseanna chun ról stiúrtha a ghlacadh ar choistí agus meithleacha sonracha a chuirfear in ord tosaíochta de réir ár leasanna náisiúnta agus straitéiseacha.

Tacaíocht don Aire agus don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tabharfaidh an tÚdarás tacaíocht theicniúil freisin don Aire agus don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le beartais agus tograí reachtaíochta a fhorbairt a bhaineann le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, ceimiceán, earraí contúirteacha a iompar agus faireachas margaidh ar tháirgí go náisiúnta, chomh maith le ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Déanfaimid athbhreithniú leanúnach ar an reachtaíocht ábhartha ar fad, agus cinnteoidimid go nuashonraítear treoir agus cóid chleachtais dá réir.

COVID-19

Leanfaidh an tÚdarás air mar is gá chun tacú leis an Rialtas sna hiarrachtaí chun scaipeadh COVID-19 san ionad oibre a chosc.

Rialachas Corparáideach agus an Chaoi a nOibrímid

Cinnteoidimid go dtacaíonn ár struchtúir rialachais le cinnteoireacht eolach agus chuntasach, a bhfuil ceannaireacht shofhreagrúil, próisis bainistíochta riosca agus comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú mar bhonn agus taca aici.



Cuirfimid tús le forbairt ár gcroí-ardáin TFC chun tacú lenár sainorduithe sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh a chomhlíonadh agus an leas is fearr is féidir a bhaint as ár gcroíphróisis ghnó

Leanfaimid lenár bhfeachtas earcaíochta agus le hionductú foirne chun tacú le rannóg sláinte ceirde nua a bhunú agus le struchtúr nua eagraíochta a chur i bhfeidhm. Forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm ár straitéis Acmhainní Daonna chun a chinntiú go bhfuil sé de chumas ag an Údarás a chuspóirí gnó straitéiseacha a chur i gcrích trína chinntiú go ndéantar forbairt leanúnach ar an Údarás mar fhostóir ar a mbíonn tóir agus ag a bhfuil cultúr láidir, ionchuimsitheach, bunaithe ar luachanna. Beidh aird chuí againn ar an ngá atá leis an sprioc a shárú go mbeadh 6% ar a laghad d'fhoireann an Údaráis ina ndaoine atá faoi mhíchumas, a thagann leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ón Rialtas.

Cuirfimid tús le forbairt ár gcroí-ardáin TFC chun tacú lenár sainorduithe sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh a chomhlíonadh agus an leas is fearr is féidir a bhaint as ár gcroíphróisis ghnó. Forbróimid ár straitéis sonraí a bheidh ann sa toghchán chun a chinntiú go mbeidh an tÚdarás ina eagraíocht a spreagtar ag sonraí. Tabharfar aghaidh sa straitéis sin ar an gcaoi a mbailímid, a dtuairiscímid, a n-anailísímid, a roinnimid agus a measúnóimid faisnéis agus sonraí ar fud an Údaráis ar fad.

Príomh-Ghníomhartha: Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde

Rialáil

Cur Chun
Cinn

Tionchar

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- clár idirghabhála a chur i gcrích, lena n-áireofar 7,500 cigireacht i bhfoirgníocht, cúram sláinte agus sóisialta, talmhaíocht, iompar agus stóráil chomh maith le hearnálacha riosca eile le béim shonrach ar:
 - oibreáin bhitheolaíocha, fhisiciúla agus cheimiceacha, ceisteanna síceasóisialta agus eirgeanamáíocht,
 - oibriú ar airde, sábháilteacht beostoic, sábháilteacht innealra, foréigean agus iompar bagrach, ardaitheoirí paisinéara, oibríochta iompair san ionad oibre,
 - ceapacháin Ionadaithe Sábháilteachta, Maor Tionscadail le haghaidh Próiseas Deartha agus Céimeanna Foirgníochta, agus
 - oibríthe leochaileacha agus oibríthe imirceacha,
- imscrúdú ar gach timpiste mharfach a thuiriscítear don Údarás,
- naisc straitéiseacha a fhorbairt le comhlachtaí ionadaíochta fostaithe agus oibríthe imirceacha chun sábháilteacht agus sláinte ceirde a chur chun cinn i measc oibríthe imirceacha,
- páirt a ghlacadh in athbhreithniú an Aontais Eorpaigh ar na Treoracha maidir le hÁiteanna Oibre agus maidir le Scáileáin Taispeána, agus forbairt na dtograí le haghaidh theorainneacha nocht ceirde nua an Aontais le haghaidh luaidhe agus aispeiste,
- acmhainní digiteacha ar líne faoin tsábháilteacht feirme a fhorbairt le haghaidh scoláirí iar-bhunscoile,
- trí chúrsa nua ar líne a fhorbairt le haghaidh hsalearning.ie,
- leas a bhaint as raon leathan modhanna cumarsáide ábhartha chun na príomhpháirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi chúrsaí sábháilteachta agus sláinte ceirde,
- tabhairt faoi fheachtas feasachta chun tuairisciú ar bhásanna, timpistí agus tinnis cheirde a chur chun cinn,
- athbhreithniú ar chomhairle agus treoir sábháilteachta agus sláinte le haghaidh monarchana próiseála feola,
- Cód Cleachtas le haghaidh Trucail Ardaithe Thionsclaíochta a ullmhú, agus
- treoir a fhoilsiú maidir le:
 - feirmeoirí mar chliant i dtionscadail foirgníochta,
 - saotharlanna a úsáideann oibreáin bhitheolaíocha,
 - fógraí faoi aispeist agus ceanglais atháitithe,
 - ceanglais faireachais sláinte, scrúduithe éisteachta agus ciosmhéadracht,
 - moil chianoibre, socrúithe oibríthe sholúbtha agus oibríthe ón mbaile,
 - comhairle ghinearálta sláinte agus sábháilteachta d'oibríthe imirceacha,
 - comhairle le haghaidh modhnóirí inneachair ar líne, le béim ar ghuaiseacha síceasóisialta,
 - trealamh cosanta pearsanta sofheicthe, agus
 - úsáid shábháilte sábh slabhrach.

06

Príomh-Ghníomhartha: Ceimiceáin

Rialáil

Cur Chun
Cinn

Tionchar

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- 800 cigireacht a chur i gcrích, ina ndíreofar ar ghníomhaíochtaí ceimiceán ardriosca ag a bhfuil féidearthacht níos mó go nochtfar daoine le ceimiceáin chun a chinntiú go rialaítear substaintí guaiseacha, ceimiceáin phróisis agus ceimiceáin i rith iompair, déantúsaíochta agus úsáide san ionad oibre,
- tús áite a thabhairt do chigireacht suíomhanna úsáide ceimiceán ardriosca (m.sh. COMAH agus Fo-COMAH),
- beart leantach a dhéanamh mar is cúig ar thimpistí tromchúiseacha, gearáin agus tarchuir ECHA a thuairiscítear,
- páirt a ghlacadh i ngrúpaí saineolaithe de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh athbhreithniú agus nuashonrú na Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin (REACH) agus maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP),
- meastóireacht substainte ceimicé a chur i gcrích ar methylanisole agus a chur ar aghaidh go dtí na chéad chéimeanna eile de phróiseas meastóireachta an Aontais Eorpaigh,
- sé thuairim eolaíochta a ullmhú le haghaidh Choiste ECHA um Measúnú Eolaíoch Riosca chomh maith le Coistí Socheacnamaíochta maidir le húsáidí na substaintí seo a leanas a bhfuil inní mhór ag baint leo: trí-ocsaíd chróimiam, 4-tert-OPnEO, agus 4-tert-NPnEO,
- na chéad chéimeanna eile de phróiseas aicmithe agus lipéadaithe chomhchuibhithe (CLH) ECHA a chur i gcrích le haghaidh dhá thogra aicmithe agus lipéadaithe chomhchuibhithe (sárocsaíd débheansóile agus 7-ocsaidéchioglaí[4.1.0]heipt-3-ilmeitil 7-ocsaidéchioglaí[4.1.0]heaptán-3-carbocsaláit) agus togra amháin CLH nua a ullmhú agus a chur faoi bhráid phróiseas CLH ECHA,
- tuarascálacha anailíse ar roghanna bainistíochta riosca a chur isteach le haghaidh dhá ghrúpa substainte,
- saineolas a thabhairt chun tionscadail forfheidhmithe nua ar fud an Aontais Eorpaigh a fhorbairt maidir le comhlíonadh na mbileog sonraí sábháilteachta agus rialacha le haghaidh aicmiú meascán,
- imeachtaí oiliúna a óstáil le haghaidh údaráis pleanála agus oibreoirí bhunaíochtaí COMAH chun cabhrú leo agus iad ag úsáid na Comhairle Pleanála Úsáide Talún Teicniúla ó 2021 a foilsíodh agus léarscáileanna nua leictreonacha a sholáthar de na faid comhairliúcháin pleanála úsáide talún le haghaidh bhunaíochtaí COMAH d'údaráis pleanála agus an suíomh gréasáin mapála comhshaoil (enviromap.ie), agus
- ábhar a fhoilsiú:
 - cás-staidéir chun tacú le fostóirí atá ag tabhairt faoi mheasúnú riosca ar oibreán ceimiceach,
 - treoir maidir le measúnú riosca a chur i gcrích le haghaidh turais phoiblí ar dhrioglanna agus ar shuíomhanna déantúsaíochta biotáille inólta, agus
 - treoir le haghaidh ionaid sonraí maidir le bainistiú stórála breosla faoi bhun thairseacha COMAH.

07

Príomh-Ghníomhartha: Faireachas Margaidh

Rialáil

Cur Chun
Cinn

Tionchar

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- seiceáil ar tháirgí neamhchomhlíontacha ag a mbíonn tionchar ar mhargadh na hÉireann agus a fógraíodh don Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach le haghaidh táirgí contúirteacha nach bia iad (Safety Gate) nó don Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS),
- díriú ar iompórtálaithe agus iompórtálaithe agus dáileoirí ceimiceán,
- díriú ar dháileoirí agus iompórtálaithe trealaimh cosanta phearsanta,
- seiceáil ar chomhlachtaí ceantála agus cuideachtaí innealra ar cíos a chuireann innealra foirgníochta agus ardaithe neamhchomhlíontach ar fáil don mhargadh,
- measúnú ar 1,200 táirge ceimiceach agus 450 táirge tionsclaíoch a bheartaítear d'úsáid thionsclaíoch agus tomhaltóra, le haghaidh chomhlíonadh cheanglais an Aontais Eorpaigh,
- tacaíocht agus comhairle a chur ar ghnóthaí a iompórtálann táirgí ceimiceacha agus tionsclaíocha ón mBreatain Mhór chun ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh,
- cur le plé Comhchuibhithe Theicniúil an Aontais Eorpaigh faoi na Rialacháin maidir le hInnealra Nua,
- tabhairt faoi fheachtas feasachta a bhaineann le comhpháirteanna agus oiriúintí mótarfheithiclí (NACE 4531 agus 4532) a iompórtálann ceimiceáin ó lasmuigh den Aontas Eorpach agus a ndualgais maidir le heolas faoi úsáid shábháilte a sholáthar,
- na Ballstáit eile a chur ar an eolas (tríd an gcóras ICSMS) faoi tháirgí neamhchomhlíontacha a aimsítear ar mhargadh na hÉireann agus ag a mbíonn tionchar ar mhargaí an Aontais Eorpaigh,
- seiceáil orthu siúd ag a bhfuil dualgais faoi thionscadal forfheidhmithe REACH ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le substaintí in earraí agus srianta, agus
- eolas a thabhairt do thomhaltóirí maidir le húsáid shábháilte ceimiceán.

Príomh-Ghníomhartha: An Comhlacht Náisiúnta Creidiúnaithe

Creidiúnú

Cur Chun
Cinn

Tionchar

Maidir lenár gclár creidiúnaithe leanúnach, déanfaimid an méid seo a leanas:

- clár creidiúnaithe a chothú do na cliaint atá againn faoi láthair agus do chliaint iarratasóra,
- iarratais nua ar chreidiúnú ó chliaint nua agus ó chliaint atá againn cheana féin a phróiseáil go héifeachtach,
- cláir gníomhaíochta creidiúnaithe nua a thabhairt isteach,
- feasacht a ardú faoi thairbhí an chreidiúnaithe trí fhoilseacháin agus imeachtaí,
- leanúint lenár rannpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara,
- aitheantas idirnáisiúnta INAB a chothú ar fud na ngníomhaíochtaí ar fad trí phiarmheastóireacht rathúil i mí na Bealtaine 2022,
- an ionadaíocht ar fad ar choistí creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus
- an fhreagracht reachtúil ar fad mar údarás monatóireachta ar an Dea-Chleachtas Saotharlainne (GLP) a chomhlíonadh.

Sa chéad bhliain den Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe 2022–2026, déanfaimid an méid seo a leanas:

- taighde agus anailís margaidh a choimisiúnú chun bonn eolais a chur faoin mbeartas náisiúnta agus tionchar a imirt air,
- plean cumarsáide agus straitéis margaíochta a ullmhú chun bonn taca a chur faoi chur i gcrích na straitéise náisiúnta,
- gníomhaíocht nua creidiúnaithe a chur ar fáil don mhargadh,
- feabhsuithe ar an gcóras CRM a nuashonrú agus a chur i gcrích le haghaidh úsáideoirí seachtracha agus inmheánacha, agus
- tuarascáil bhliantúil a ullmhú chun taifead a dhéanamh ar dhul chun cinn ar an Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe a chur i gcrích.



Príomh-Ghníomhartha: Éifeachtacht Oibríochta

An Chaoi a nOibrímid

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- an struchtúr nua agus na bealaí nua oibre a comhaontaíodh mar chuid den athbhreithniú ar an eagraíocht a críochnaíodh in 2021 a dhaingniú, agus cumas a threisiú agus a fhorbairt tuilleadh trí fheachtais earcaíochta dhírithé agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí,
- tús a chur le hardán nua TFC a fhorbairt chun an leas is fearr is féidir a bhaint as ár gcroíphróisis ghnó, a chruthóidh tairbhí ar nós bealaí oibre níos éifeachtaí, bainistíocht cásanna ó cheann go ceann, pleanáil oibre níos fearr, taithí custaiméara níos fearr, fáil ar shonraí cruinne, glana agus iomlána, agus léargais níos fearr,
- straitéisí Acmhainní Daonna, Bainistíochta Sonraí agus Cumarsáide ar leith a fhorbairt chun ailíniú le Ráiteas Straitéise 2022–2024, an Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe le haghaidh 2022–2026 agus sainordú agus cuspóirí gnó an Údaráis, agus a gcur i gcrích a chumasú, lena n-áireofar plean gníomhaíochta do gach ceann ina sonraófar torthaí agus méadracht shoiléir chun cur i bhfeidhm a thomhas agus a rianú,
- glacadh le samhail oibre cumaiscthe de réir Bheartas an Rialtais agus ag cinntiú dea-chleachtais ag an am céanna i leith sábháilteachta agus sláinte, cosaint sonraí, slándáil TFC agus éifeachtúlachtaí oibre trí bheartais agus nósanna imeachta fóna a athbhreithniú agus a fhorbairt,
- measúnú ar cheisteanna chearta an duine agus an chomhionannais atá ábhartha d'fheidhmeanna an Údaráis agus plean gníomhaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin, nuair is féidir, laistigh de na sainorduithe atá againn faoi láthair,
- tabhairt faoi iniúchóireacht inrochtana ar sheirbhísí, lena n-áirítear iniúchóireacht inrochtana ar ár seirbhísí digiteacha agus ar ár n-áitribh fhisiciúla,
- Plean Gníomhaíochta Custaiméirí agus Cairt Custaiméirí athbhreithnithe a fhorbairt agus a fhoilsiú, agus
- acmhainneacht ár n-eagraíochta a mhéadú trínár gcur chuige i leith leanúnachas gnó agus athshlánú ó thubaiste a fheabhsú.



Cumas a threisiú agus a fhorbairt tuilleadh trí fheachtais earcaíochta dhírithé agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí

10


Feidhmíocht a Thomhas

Déanfar monatóireacht le raon tomhas idir cháilíochtúil agus chainníochtúil ar an dul chun cinn ar an gclár oibre bliantúil seo, a phléann leis an gcéad bhliain a chuirfear ár Ráiteas Straitéise le haghaidh 2022-2024 i bhfeidhm.

Inár dTuarascáil Bhliantúil, déanfaimid meastóireacht agus tabharfaimid breithmheas ar chur i bhfeidhm gach bliana dár straitéis, agus díreimid ní hamháin ar ghníomhaíochtaí a thomhas ach féachfar freisin leis na torthaí straitéiseacha a bhfuil súil leo a thomhas.

Tuairisceoidimid go rialta ar na príomhtháscairí feidhmíochta thíos a thacóidh lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Príomhtháscairí Feidhmíochta	Sprioc 2022
Cigireachtaí Réamhghníomhacha (Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde)	7,500
Cigireachtaí Réamhghníomhacha (An tAcht Ceimiceán agus Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar)	800
Cigireachtaí Frithghníomhacha	1,000
Measúnuithe Faireachais Margaidh (Táirgí Ceimiceacha)	1,200
Measúnuithe Faireachais Margaidh (Táirgí Tionsclaíocha)	450
Úsáideoirí nua BeSMART	10,000
Eagraíochtaí ag cur Work Positive i bhfeidhm	500
Tuairimí eolaíochta ullmhaithe do Choistí ECHA	6
Cinntí Creidiúnaithe (Nua)	25
Cinntí Creidiúnaithe (Athnuaite)	320
Treoir nua nó nuashonraithe a fhoilsiú	14



CIGIREACHTAÍ 2022:

9,300

Which includes:

7,500 cigireacht réamhghníomhach (sábháilteacht agus sláinte ceirde),

1,000 cigireacht fhrithghníomhach, agus

800 cigireacht ceimiceán

Ár bhFís: Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Guthán: 0818 289 389

www.hsa.ie